RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/619 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Aibreán 2022

lena bhfoirceanntar na hathbhreithnithe "onnmhaireora nua" i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithnithe iad maidir le trí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, agus lena bhforchuirtear an dleacht i ndáil le hallmhairí na dtairgeoirí sin agus lena bhfoirceanntar clárú na n-allmhairí sin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) I mí Dheireadh Fómhair 2005, d'fhorchuir an Chomhairle, trí bhíthin Rialachán (CE) Uimh. 1631/2005 [2], dleacht frithdhumpála chinntitheach ("an Rialachán bunaidh") ar allmhairí aigéid thríchlóraisicianúraigh ("TCCA") de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ("SAM"). Is idir 7,3 % agus 40,5 % a bhí na dleachtanna frithdhumpála i gcoinne allmhairí ón tSín le haghaidh cuideachtaí aonair, agus socraíodh an dleacht uile-tíre ag 42,6 %.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 855/2010 [3], d'ísligh an Chomhairle an dleachtráta frithdhumpála le haghaidh tairgeoir onnmhairiúcháin amháin ó 14,1 % go 3,2 %.

(3) Tar éis athbhreithniú éaga, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1389/2011 ón gComhairle [4], d'fhorchuir an Chomhairle bearta frithdhumpála cinntitheacha arb é a bhí iontu dleachtanna aonair ó 3,2 % go 40,5 % agus dleacht iarmharach 42,6 % ar allmhairí TCCA de thionscnamh na Síne.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 569/2014 [5], d'fhorchuir an Coimisiún dleachtráta frithdhumpála 32,8 % i gcás táirgeoir onnmhairiúcháin nua. I gcás táirgeoir onnmhairiúcháin eile, d'fhoirceann an Coimisiún an t-imscrúdú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/392 ón gCoimisiún [6].

(5) Tar éis an dara hathbhreithniú éaga, de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, d'fhorchuir an Coimisiún, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 ón gCoimisiún [7], bearta frithdhumpála cinntitheacha arb é a bhí iontu dleachtanna aonair ó 3,2 % go 40,5 % agus dleacht iarmharach 42,6 % ar allmhairí TCCA de thionscnamh na Síne.

2. AN tIMSCRÚDÚ REATHA

2.1. Iarrataí ar athbhreithniú

(6) Fuair an Coimisiún trí iarraidh ar athbhreithniú "onnmhaireora nua" de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán. Chuir Hebei Xingfei Chemical Co., Ltd iarraidh isteach an 13 Iúil 2020, chuir Inner Mongolia Likang Bio-Tech Co., Ltd (Likang) iarraidh isteach an 29 Iúil 2019 a nuashonraíodh an 12 Feabhra 2021, agus chuir Shandong Lantian Disinfection Technology Co., Ltd iarraidh isteach an 13 Aibreán 2021 ("na hiarratasóirí"), ar táirgeoirí onnmhairiúcháin iad a bhfuil a n-allmhairí chuig an Aontas faoi réir dhleacht frithdhumpála chinntitheach 42,6 %.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
[2] IO L 261, 7.10.2005, lch. 1.
[3] IO L 254, 29.9.2010, lch. 1.
[4] IO L 346, 30.12.2011, lch. 6.
[5] IO L 157, 27.5.2014, lch. 80.
[6] IO L 65, 10.3.2015, lch. 18.
[7] IO L 319, 5.12.2017, lch. 10.

(7) Mhaígh na hiarratasóirí nár onnmhairigh siad TCCA chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh, i.e. ón 1 Aibreán 2003 go dtí an 31 Márta 2004.

(8) Mhaígh na hiarratasóirí freisin nach raibh siad gaolmhar le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin a tháirgeann TCCA agus atá faoi réir na mbeart atá i bhfeidhm. Ar deireadh, mhaígh na hiarratasóirí gur onnmhairigh siad TCCA chuig an Aontas tar éis dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh.

2.2. **Tionscnamh na n-athbhreithnithe onnmhaireora nua**

(9) Scrúdaigh an Coimisiún an fhianaise a bhí ar fáil agus tháinig sé ar an gconclúid gur leor an fhianaise a bhí ann chun údar cuí a thabhairt le hathbhreithnithe "onnmhaireora nua" a thionscnamh de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán. Tar éis deis a thabhairt do tháirgeoirí an Aontais barúil a thabhairt, thionscain an Coimisiún, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209 ón gCoimisiún ([8]), trí athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 maidir leis na hiarratasóirí.

2.3. **An táirge lena mbaineann**

(10) Is éard atá sa táirge faoi athbhreithniú aigéad tríchlóraisicianúrach agus ullmhóidí de, ar a dtugtar "siomclóisín" freisin faoin ainm neamhdhílseánaigh idirnáisiúnta (ANI), atá faoi láthair faoi chóid AC ex 2933 69 80 agus ex 3808 94 20 (cóid TARIC 2933 69 80 70 agus 3808 94 20 20), de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an táirge lena mbaineann" nó "TCCA").

(11) Is táirge ceimiceach é TCCA a úsáidtear mar dhíghalrán clóirín orgánach speictrim leathain agus tuarthóir, go háirithe chun uisce i linnte snámha agus spánna a dhíghalrú. Cuimsíonn úsáidí eile cóireáil uisce i ndabhcha séarachais nó i dtúir fuarúcháin agus glanadh fearas cistine. Díoltar TCCA i bhfoirm púdair, gráinníní, táibléad nó sliseanna. Is ionann na saintréithe bunúsacha (díghalrán) atá i ngach foirm TCCA agus dá bhrí sin, meastar gur táirge aonair iad.

2.4. **Na páirtithe lena mbaineann**

(12) Chuir an Coimisiún na hiarratasóirí, tionscal an Aontais agus ionadaithe ón tír is onnmhaire ar an eolas go hoifigiúil faoi thionscnamh na n-athbhreithnithe. Tugadh deis do na páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a fháil.

(13) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na trí iarratasóir. Cuireadh na ceistneoirí ar fáil ar líne lá an tionscnaimh.

(14) I bhfianaise ráig COVID-19 agus na mbeart gaibhniúcháin arna gcur i bhfeidhm ag Ballstáit éagsúla mar aon le tríú tíortha éagsúla, níor fhéad an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar an bhfaisnéis ar fad a measadh a bheith riachtanach dá chinntí, i gcomhréir lena Fhógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais ([9]). Rinne an Coimisiún cros-seiceálacha go cianda leis na trí iarratasóir agus le cuideachta sa tír analógach:

Iarratasóirí

— Hebei Xingfei Chemical Co., Ltd

— Shandong Lantian Disinfection Technology Co., Ltd

— Mongolia Likang Bio-Tech Co., Ltd

An tír analógach

— Cuideachta "A", an tSeapáin.

([8]) IO L 263, 23.7.2021, lch. 1.

([9]) Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

2.5. **Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin**

(15) Chumhdaigh an t-imscrúdú an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 30 Meitheamh 2021 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin").

2.6. **Nochtadh**

(16) An 25 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara go raibh sé beartaithe aige na himscrúduithe athbhreithniúcháin a fhoirceannadh gan corrlaigh dumpála aonair a chinneadh le haghaidh na n-iarratasóirí. Tugadh an deis do na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt.

(17) Tar éis an nochta, mhaígh na hiarratasóirí gur sáraíodh a gcearta cosanta mar gheall ar nochtadh neamhleor. Go sonrach, d'áitigh na hiarratasóirí nár nocht an Coimisiún faisnéis maidir leis an ngnáthluach, rud a chuirfeadh ar a gcumas do na hiarratasóirí barúlacha breise a thabhairt maidir le cinneadh an Choimisiúin.

(18) Mheabhraigh an Coimisiún gur i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den bhun-Rialachán, ba cheart don Choimisiún na fíorais agus na breithnithe bunúsacha a nochtadh ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige cinneadh a dhéanamh. I bhfianaise thorthaí na n-imscrúduithe, níor bhunaigh an Coimisiún a thorthaí ar fhaisnéis faoin ngnáthluach. Dá réir sin, níor ghá an fhaisnéis sin a nochtach chun gur féidir leis na hiarratasóirí a gcearta nós imeachta a fheidhmiú. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

2.7. **Éisteachtaí**

(19) Tar éis an nochta, d'iarr na hiarratasóirí éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin, rud a ceadaíodh dóibh. Sa bhreis air sin, d'iarr na hiarratasóirí éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a tionóladh an 11 Márta 2022. Shuigh an tOifigeach Éisteachta gur urramaíodh cearta nós imeachta na n-iarratasóirí go hiomlán.

3. **TORTHAÍ AN IMSCRÚDAITHE**

3.1. **Critéir maidir le "táirgeoir onnmhairiúcháin nua"**

(20) De bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, is iad seo a leanas na critéir atá le comhlíonadh i gcás táirgeoir onnmhairiúcháin nua:

(a) níor onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar ar bunaíodh na bearta;

(b) níl sé gaolmhar le haon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm; agus

(c) d'onnmhairigh sé iarbhír an táirge lena mbaineann chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

(21) Dheimhnigh an t-imscrúdú nár onnmhairigh na trí iarratasóir an táirge lena mbaineann le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh agus gur thosaigh siad ar an táirge a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis na tréimhse sin.

(22) Dheimhnigh an t-imscrúdú freisin nach raibh na hiarratasóirí gaolmhar le haon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne atá faoi réir na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm maidir leis an táirge lena mbaineann.

(23) Maidir leis an gcritéar gur thosaigh na hiarratasóirí ag onnmhairiú chuig an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, ó tharla nach raibh ach idirbheart onnmhairiúcháin amháin ag gach iarratasóir le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, d'fhéach an Coimisiún lena fháil amach an bhféadfaí a mheas gur leor an t-idirbheart onnmhairiúcháin sin chun léiriú cruinn a thabhairt ar iompraíocht onnmhairiúcháin reatha na n-iarratasóirí agus ar a n-iompraíocht onnmhairiúcháin amach anseo. Go sonrach, rinne an Coimisiún tuilleadh anailíse ar an méid seo a leanas i gcás gach iarratasóra: an sciar den chainníocht onnmhairithe le hais mhéid iomlán na n-onnmhairí agus na táirgeachta; na praghsanna díolacháin chuig an Aontas le hais a bpraghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha; agus, na praghsanna díolacháin chuig an Aontas le hais mheánphraghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne a d'onnmhairigh méideanna suntasacha chuig an Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

3.1.1. *Hebei Xingfei Chemical Co., Ltd.*

(24) I gcás Hebei Xingfei, shuigh an t-imscrúdú nár taifeadadh ach idirbheart díolacháin amháin chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, le haghaidh mhéid 9 dtona. Is éard a bhí i gceist leis an idirbheart sin, 0,09 % de mhéid iomlán táirgeachta na cuideachta agus 0,63 % de mhéid iomlán a hallmhairí.

(25) Maidir leis na praghsanna, léirigh an t-imscrúdú gur i gcás na ngrád de TCCA a onnmhairíodh chuig an Aontas, bhí an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh an aon idirbheart amháin 115 % go 140 % ní b'airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin Hebei Xingfei chuig tíortha lasmuigh den Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(26) Rinne an Coimisiún comparáid freisin idir praghsanna onnmhairiúcháin Hebei Xingfei chuig an Aontas agus praghsanna táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne a bhí ag soláthar táirgí do mhargadh sonrach an Aontais ([10]) le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Suíodh go raibh praghas idirbheart Hebei Xingfei ar leibhéal CAL 53 % ní b'airde ná meánphraghas na n-onnmhairí Síneacha eile. Tar éis an dleacht frithdhumpála is infheidhme a chur leis, bhí praghas idirbheart Hebei Xingfei 105 % ní b'airde.

(27) Ar na cúiseanna thuasluaite, an t-aon idirbheart díolacháin amháin de chuid Hebei Xingfei chuig an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, measadh nár leor an t-idirbheart sin chun léiriú cruinn a thabhairt ar iompraíocht onnmhairiúchán reatha Hebei Xingfei ná ar a iompraíocht onnmhairiúcháin amach anseo.

3.1.2. *Shandong Lantian Disinfection Technology Co., Ltd.*

(28) I gcás Shandong Lantian, shuigh an t-imscrúdú nár taifeadadh ach idirbheart díolacháin amháin chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, le haghaidh mhéid 29 dtona. Is éard a bhí i gceist leis an idirbheart sin, 0,07 % de mhéid iomlán táirgeachta na cuideachta agus 0,02 % de mhéid iomlán a hallmhairí.

(29) Maidir leis na praghsanna, léirigh an t-imscrúdú gur i gcás na ngrád de TCCA a onnmhairíodh chuig an Aontas, bhí an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh an aon idirbheart amháin 60 % go 86 % ní b'airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin Shandong Lantian chuig tíortha lasmuigh den Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(30) Rinne an Coimisiún comparáid freisin idir praghsanna onnmhairiúcháin Shandong Lantian chuig an Aontas agus praghsanna táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne a bhí ag soláthar táirgí do mhargadh sonrach an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Suíodh go raibh praghas idirbheart Shandong Lantian ar leibhéal CAL 43 % ní b'airde ná meánphraghas na n-onnmhairí Síneacha eile. Tar éis an dleacht frithdhumpála is infheidhme a chur leis, bhí praghas idirbheart Shandong Lantian 87 % ní b'airde.

(31) Ar na cúiseanna thuasluaite, an t-aon idirbheart díolacháin amháin de chuid Shandong Lantian chuig an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, measadh nár leor an t-idirbheart sin chun léiriú cruinn a thabhairt ar iompraíocht onnmhairiúchán reatha Shandong Lantian ná ar a iompraíocht onnmhairiúcháin amach anseo.

3.1.3. *Inner Mongolia Likang Bio-Tech Co., Ltd.*

(32) I gcás Mongolia Likang, shuigh an t-imscrúdú nár taifeadadh ach idirbheart díolacháin amháin chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, le haghaidh mhéid 9 dtona. Is éard a bhí i gceist leis an idirbheart sin, 0,10 % de mhéid iomlán táirgeachta na cuideachta agus 0,71 % de mhéid iomlán a hallmhairí.

(33) Maidir leis na praghsanna, léirigh an t-imscrúdú gur i gcás na ngrád de TCCA a onnmhairíodh chuig an Aontas, bhí an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh an aon idirbheart amháin thart ar 50 % ní b'airde ná meánphraghas onnmhairiúcháin Mongolia Likang chuig tíortha lasmuigh den Aontas le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin.

(34) Rinne an Coimisiún comparáid freisin idir praghsanna onnmhairiúcháin Mongolia Likang chuig an Aontas agus praghsanna táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne a bhí ag soláthar táirgí do mhargadh sonrach an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin. Suíodh go raibh praghas idirbheart Mongolia Likang ar leibhéal CAL 11 % ní b'airde ná meánphraghas na n-onnmhairí Síneacha eile. Tar éis an dleacht frithdhumpála is infheidhme a chur leis, bhí praghas idirbheart Mongolia Likang 48 % ní b'airde.

([10]) Is éard atá i gceist le "margadh sonrach an Aontais", an Ballstát ar onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuige agus a raibh an custaiméir bunaithe ann. Is ar bhonn na faisnéise atá i mbunachar sonraí Airteagal 14(6), maidir le hallmhairí ar leibhéal na mBallstát, a bunaíodh an comparáid praghsanna idir an t-iarratasóir agus táirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne.

(35) Ar na cúiseanna thuasluaite, an t-aon idirbheart díolacháin amháin de chuid Mongolia Likang chuig an Aontais le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, measadh nár leor an t-idirbheart sin chun léiriú cruinn a thabhairt ar iompraíocht onnmhairiúchán reatha Mongolia Likang ná ar a iompraíocht onnmhairiúcháin amach anseo.

3.2. **Conclúid**

(36) Le linn an imscrúdaithe, mar fhreagairt ar fhiosrúcháin ón gCoimisiún maidir leis an bhfáth ar athraíodh na praghsanna de réir an mhargaidh onnmhairiúcháin, luaigh na hiarratasóirí na difríochtaí ó thaobh pacáistithe agus cáilíochta de agus an praghas bisigh níos airde a bhí siad in ann a fháil ar mhargadh an Aontais. Mar sin féin, míníodh na difríochtaí i bpacáistiú agus cáilíocht leis an uimhir rialaithe táirge a sannadh do na táirgí i gcomparáid le cinn scríbe onnmhairiúcháin eile. Thairis sin, léirigh comparáidí le honnmhairí Síneacha eile le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin nár mheall margadh an Aontais praghsáil bhisigh a mhíneodh an difríocht bhreathnaithe i bpraghsanna.

(37) Tar éis an nochta, mhaígh na hiarratasóirí nach raibh bunús dlí le torthaí an Choimisiún toisc gur bunaíodh iad ar mheasúnú ar ionadaíochas na n-idirbheart nach bhforáiltear dó in Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán. Thairis sin, mhaígh na hiarratasóirí nach raibh measúnú an Choimisiúin maidir le hionadaíochas na n-idirbheart i gcomhréir le cásdlí EDT. Thagair siad do *DS295 Meicsiceo — Bearta Frithdhumpála ar Rís*, inar suíodh nach raibh sé i gcomhréir le hAirteagal 9.5 ADA ceanglas breise a bhunú chun athbhreithniú a thionscnamh, i.e. méid ionadaíoch. Rinne allmhaireoir de chuid an Aontais an maíomh céanna.

(38) Mheas an Coimisiún nach raibh torthaí Bhuanchomhlacht Achomhairc EDT in DS295 go hiomlán ábhartha le haghaidh an cháis atá faoi chaibidil. Bhain an toradh sin le himthosca éagsúla, go sonrach an raibh foráil dlí i ndlí náisiúnta Mheicsiceo lena gcuireadh srian ar an bhféidearthacht athbhreithniú onnmhaireora nua a thionscnamh trí híosmhéideanna ionadaíocha a éileamh i gcomhréir leis an gcomhaontú frithdhumpála (ADA). Sa chás atá faoi chaibidil, níor chuir an Coimisiún aon chritéar den sórt sin i bhfeidhm maidir le cinneadh a dhéanamh i leith tús a chur leis na hathbhreithnithe onnmhaireora nua reatha.

(39) Thairis sin, maidir le céim an imscrúdaithe, mheabhraigh an Coimisiún nach ar easpa méideanna ionadaíocha a bhunaigh sé a chinneadh na hathbhreithnithe a fhoirceannadh ach ar mheasúnú i dtaobh ar leor praghas onnmhairiúcháin na n-iarratasóirí, i bhfianaise na méideanna ísle san aon idirbheart díolacháin amháin a bhí ag gach ceann de na hiarratasóirí, chun léiriú cruinn a thabhairt ar iompraíocht onnmhairiúcháin reatha na n-iarratasóirí agus ar a n-iompraíocht onnmhairiúcháin amach anseo. Mar a mheabhraítear in aithris (23), ní raibh ach idirbheart onnmhairiúcháin amháin ag gach onnmhaireoir le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin agus ba é sin ba chúis leis an gCoimisiún mionanailís a dhéanamh ar oiriúnacht phraghas an aon idirbheart onnmhairiúcháin sin. Tá sin amhlaidh toisc, i gcodarsnacht le himscrúdú bunaidh de bhun Airteagal 5 den bhun-Rialachán, i gcomhthéacs imscrúdú athbhreithniúcháin, agus go háirithe i gcomhthéacs athbhreithniú onnmhaireora nua, is é an t-onnmhaireoir a iarrann an t-athbhreithniú a thionscnamh ar bhonn idirbheart, agus tuigeann sé gurb iad na hidirbhearta sin a úsáidfear de ghnáth mar bhunús chun an corrlach dumpála a ríomh. Thairis sin, meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil sé d'oibleagáid air éifeachtacht na ndleachtanna atá i bhfeidhm a áirithiú ionas nach gcuirfear bac ar chuspóir an bhun-Rialacháin faoiseamh a chur ar fáil do thionscal an Aontais trí éifeachtaí díobhálacha a fhritháireamh i ndáil le hallmhairí ar suíodh gur dumpáladh iad le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Ar an mbonn sin, ós rud é nach bhfuil ann ach idirbheart amháin le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin i gcomhthéacs imscrúdú athbhreithniúcháin, tá gá le dearbhuithe breise gur leor an praghas onnmhairiúcháin sin chun toradh atá réasúnta cruinn a dhéanamh maidir le dumpáil, rud a sheachnódh an baol go mbainfí an bonn de na dleachtanna atá ann faoi láthair. Dá thoradh sin, chinn an Coimisiún féachaint ar an bhfianaise ábhartha a fuarthas ó na hiarratasóirí, agus scrúdú a dhéanamh uirthi, lena n-áirítear praghsanna chuig margaí onnmhairiúcháin eile agus na míniúcháin a tugadh maidir leis an athrú dealraitheach i ndáil le praghsanna margaidh an Aontais le haghaidh na n-idirbheart aonair sin. Mar thoradh ar an scrúdú sin, ar chúiseanna a leagadh amach, mheas an Coimisiún nár iomchuí praghsanna onnmhairiúcháin na dtrí onnmhaireoirí faoi seach chun teacht ar thoradh réasúnta cruinn maidir le dumpáil. Dá bhrí sin, ar bhonn na fianaise go léir a bailíodh le linn an imscrúdaithe agus chun éifeachtacht na ndleachtanna atá i bhfeidhm a áirithiú mheas an Coimisiún gur iomchuí an dleacht iarmharach a chur i bhfeidhm maidir leis na hiarratasóirí sa chás seo. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(40) Tar éis an nochta, d'easaontaigh na hiarratasóirí freisin le dearcadh an Choimisiúin gur míníodh na difríochtaí i gcáilíocht leis na huimhreacha rialaithe táirge mar a thugtar orthu a úsáideadh sna ceistneoirí, agus dá bhrí sin, mhaígh na hiarratasóirí nár bhain na comparáid a rinneadh idir praghsanna onnmhairiúcháin na n-iarratasóirí agus praghsanna onnmhaireoirí eile de chuid na Síne le hábhar.

(41) Mheabhraigh an Coimisiún gurbh ionann na huimhreacha rialaithe táire a úsáideadh sa chás agus na cinn a úsáideadh san imscrúdú bunaidh mar aon le gach imscrúdú ina dhiaidh sin maidir leis an táirge sin. Shonraigh an Coimisiún go n-aicmíonn na huimhreacha rialaithe táirge na cineálacha éagsúla táirgí a thagann faoi shainmhíniú an táirge lena mbaineann ar bhonn na saintréithe teicniúla éagsúla. Leis an aicmiú sin, is féidir táirgí comhchosúla a chur i gcomparáid lena chéile toisc go ndéantar comparáid ar tháirgí de réir a saintréithe sainiúla comhchosúla. Níor thug na hiarratasóirí bunús lena maíomh gur cuireadh na difríochtaí líomhnaithe i gcáilíocht san áireamh nuair a socraíodh na praghsanna agus dá bhrí sin bhí tionchar acu ar inchomparáideacht na bpraghsanna. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(42) Tar éis an nochta, mhaígh na hiarratasóirí nár thángthas ar chonclúidí fóinteacha mar thoradh ar chomparáid a bpraghsanna onnmhairiúcháin chuig an Aontas le meánphraghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne ó tharla 1) gur toradh iad ar mheascán de straitéisí onnmhairiúcháin, 2) go bhfuil na honnmhaireoirí faoi réir dleachtanna éagsúla a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar phraghsanna agus 3) go bhfuil an tréimhse faoi bhreathnú rófhada agus d'fhéadfadh luaineachtaí praghsanna an measúnú a shaobhadh. Thairis sin, thíolaic na hiarratasóirí sraith sonraí onnmhairiúcháin ó Eurostat a léirigh, dar leo, go raibh meánphraghsanna allmhairiúcháin an táirge lena mbaineann ní b'airde ná praghsanna na n-iarratasóirí, agus ar an gcaoi sin mhaígh siad gurb ann do phraghas bisigh san Aontas.

(43) Le hanailís a dhéanamh ar na praghsanna allmhairiúcháin san Aontas, áfach, bhí an Coimisiún in ann leibhéal praghsanna tagartha a shuí, leibhéal ar a tráchtálaíodh an táirge lena mbaineann san Aontas. Ar an gcaoi sin, bhí sé in ann a mheas an raibh praghsanna onnmhairiúcháin na n-iarratasóirí chuig an Aontas ag teacht le dálaí margaidh an Aontais. Léirigh an anailís ar na sonraí allmhairiúcháin, ar leibhéal TARIC, gur i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne a d'onnmhairigh táirgí le linn thréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin, cé go bhféadfadh straitéisí onnmhairiúcháin éagsúla a bheith acu, go raibh formhór a bpraghsanna ag teacht le chéile laistigh de raon sonrach teoranta praghsanna ar leibhéal CAL, agus laistigh de raon níos cúinge fiú tar éis an dleacht a chur leo. Mar a luaitear thuas in aithris (26), aithris (30) agus aithris (34), bhí difríocht shuntasach idir praghsanna na n-iarratasóirí agus an leibhéal praghsanna tagartha a suíodh, praghsanna a measadh gur praghsanna margaidh tráchtála iad san Aontas. Níorbh fhéidir míniú réasúnta a thabhairt ar an difríocht sin. Ar deireadh, nuair a cuireadh na praghsanna a bhí ann sa mhí inar tharla an t-idirbheart i gcomparáid lena chéile, níor athraíodh toradh na hanailíse ([11]).

(44) Maidir leis na sonraí allmhairiúcháin ó Eurostat a sholáthair na hiarratasóirí, thug an Coimisiún faoi deara go raibh na staitisticí sin ar leibhéal chód AC ocht n-uimhir, agus dá bhrí sin, bhain siad le grúpa níos leithne táirgí. Sa ghrúpa níos leithne sin, bhain an táirge lena mbaineann le níos lú ná 30 % de na táirgí ó thaobh méide de agus níos lú ná 25 % ó thaobh luacha de. Is ar bhonn sonraí ar leibhéal chód TARIC 10 n-uimhir a bhí measúnú an Choimisiúin bunaithe, rud a bhain go heisiach leis an táirge lena mbaineann, agus b'fhoinse faisnéise ní ba chruinne é dá bhrí sin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(45) I bhfianaise na gcúiseanna thuasluaite, mheas an Coimisiún gur i gcás na n-idirbheart a chuir na hiarratasóirí isteach, nár thug siad bunús ionadaíoch leordhóthanach ná léiriú cruinn leordhóthanach ar a n-iompraíocht praghsála onnmhairiúcháin reatha ná ar a n-iompraíocht praghsála onnmhairiúcháin amach anseo a d'fhéadfadh a bheith ina bhunús le corrlach dumpála aonair a chinneadh. Ar an mbonn sin, ba cheart na himscrúduithe athbhreithniúcháin a fhoirceannadh.

4. **TOBHACH DLEACHTA FRITHDHUMPÁLA**

(46) I bhfianaise na dtorthaí thuas, ba é conclúid an Choimisiúin gur cheart na hathbhreithnithe maidir le hallmhairithe TCCA arna monarú ag na hiarratasóirí agus arna dtionscnamh i nDaon-Phoblacht na Síne a fhoirceannadh. An dleacht is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile" de bhun Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le táirgí arna monarú ag na hiarratasóirí. Dá bhrí sin, ba cheart scor de chlárú allmhairí na n-iarratasóirí, agus an dleacht uile-tíre is infheidhme maidir le gach cuideachta eile (42,6 %) arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230, ba cheart an dleacht sin a thobhach ar na hallmhairí sin ó dháta thionscnamh na n-athbhreithnithe. Tá sé seo gan dochar do na féidearthachtaí atá ag na hallmhairí aisíocaíocht a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 11(8) den bhun-Rialachán.

([11]) Bhí idirbheart Mongolia Likang ar leibhéal CAL 18 % ní b'airde ná meánphraghas na n-allmhairí Síneacha eile chuig an Aontas sa mhí inar tharla an t-idirbheart. Tar éis an dleacht frithdhumpála is infheidhme a chur leis, bhí praghas idirbheart Mongolia Likang 58 % ní b'airde. I gcás Shandong Lantian, bhí a phraghsanna ar leibhéal CAL 70 % agus 126 % ní b'airde tar éis na ndleachtanna. I gcás Hebei Xingfei, bhí a phraghsanna ar leibhéal CAL 78 % agus 138 % ní b'airde tar éis na ndleachtanna.

(47) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, foirceanntar na hathbhreithnithe "onnmhaireora nua" arna dtionscnamh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209.

2. An dleacht frithdhumpála is infheidhme de réir Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 maidir le "gach cuideachta eile" i nDaon-Phoblacht na Sine (cód breise TARIC A999), is dleacht í a bhfuil feidhm aici maidir leis na táirgí a mhonaraíonn Hebei Xingfei Chemical Co., Ltd, Inner Mongolia Likang Bio-Tech Co., Ltd (Likang), agus Shandong Lantian Disinfection Technology Co., Ltd.

Airteagal 2

1. Leis seo, aisghairtear Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209.

2. An dleacht frithdhumpála is infheidhme de réir Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2230 maidir le "gach cuideachta eile" i nDaon-Phoblacht na Síne (cód breise TARIC A999), leis seo, forchuirtear an dleacht sin ar allmhairí a shainaithnítear in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209.

3. An dleacht frithdhumpála dá dtagraítear i mír 2, leis seo, déantar í a thobhach le héifeacht ón 24 Iúil 2021 ar na hallmhairí arna gclárú de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209.

Airteagal 3

1. Leis seo, ordaítear do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí, rud arna dhéanamh de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1209.

2. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN